2025/1969

2.10.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1969 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1 Deireadh Fómhair 2025**

**maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí le haghaidh earraí atá le dáileadh nó le cur ar fáil saor in aisce d'íospartaigh Chioclón Chido in Mayotte (an Fhrainc), críoch fhorimeallach de chuid an Aontais**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6567)*

**(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim ([1]), agus go háirithe Airteagal 76, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Nollaig 2024, bhuail Cioclón Chido Mayotte (an Fhrainc), críoch fhorimeallach de chuid an Aontais. Is tubaiste é an cioclón sin de réir bhrí Chaibidil XVII, Roinn C (Airteagail 74 go 80), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009. Dá bhrí sin, tá cúis ann allmhairiú saor ó dhleacht a údarú i leith earraí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 74 go 80 den Rialachán sin.

(2) An 24 Nollaig 2024, d'iarr údaráis na Fraince údarú chun faoiseamh ó dhleachtanna custaim a chur i bhfeidhm maidir le hearraí allmhairithe a bheadh beartaithe le haghaidh íospartaigh Chioclón Chido. An 8 Eanáir 2025, iarradh tuilleadh faisnéise ar an bhFrainc. Sheol an Fhrainc an fhaisnéis sin an 14 Feabhra agus chomhlánaigh sí í le faisnéis bhreise an 29 Aibreán 2025.

(3) Ar bhonn na faisnéise a chuir an Fhrainc isteach, is iomchuí faoiseamh a dheonú don Fhrainc ó dhleachtanna ar allmhairí is inmhuirearaithe ar earraí a allmhairítear chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009.

(4) Chun faireachán a dhéanamh ar allmhairí ar ina leith a dheonaítear an faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus chun cur i bhfeidhm ceart an Chinnidh seo a áirithiú, ba cheart don Fhrainc cineál agus cainníochtaí na n-earraí a ligtear isteach saor ó dhleachtanna ar allmhairí d'fhonn iad a dháileadh nó a chur ar fáil saor in aisce d'íospartaigh Chioclón Chido in Mayotte (an Fhrainc).

(5) Chun comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo a áirithiú, chun neamhrialtachtaí a chosc agus chun leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát a chosaint, ní mór don Fhrainc, laistigh den sprioc-am a bhunaítear leis an gCinneadh seo, tuairisciú don Choimisiún maidir leis an mbainistiú riosca agus maidir leis na rialuithe custaim arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) i dtaca le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus úsáid earraí ar ina leith a dheonaítear an faoiseamh ó dhleachtanna custaim.

(6) I bhfianaise na ndúshlán ollmhór a bhí roimh Mayotte (an Fhrainc) mar gheall ar Chioclón Chido, ba cheart faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí a dheonú i leith allmhairí a tháinig isteach sa Fhrainc ón 16 Nollaig 2024 go dtí an 16 Meitheamh 2025.

(7) An 27 Meitheamh 2025, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 76, an chéad mhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009,

([1]) IO L 324, 10.12.2009, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1186/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ón 16 Nollaig 2024 go dtí an 16 Meitheamh 2025, is saor ó dhleachtanna ar allmhairí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009, a ligfear earraí isteach sa Fhrainc, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeartaítear ceann amháin de na húsáidí seo a leanas a bhaint as na hearraí:

(i) go bhfuil siad le dáileadh saor in aisce ag na comhlachtaí agus na heagraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c); go mbainfear leas astu chun leas íospartaigh an chioclóin a tharla in Mayotte (an Fhrainc) i mí na Nollag 2024 ('Cioclón Chido');

(ii) go gcuirfear ar fáil saor in aisce iad d'íospartaigh Chioclón Chido, agus iad fós ina maoin de chuid na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c);

(b) go gcomhlíontar leis na hearraí na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 75, 78, 79 agus 80 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009;

(c) go n-allmhairítear na hearraí lena scaoileadh i saorchúrsaíocht (sa Fhrainc, lena n-áirítear Mayotte), agus gur eagraíochtaí Stáit, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí eile arna rialú ag an dlí poiblí, a allmhairíonn iad, nó gur thar a gceann a allmhairítear iad, nó gur eagraíochtaí carthanacha nó daonchairdiúla eile atá formheasta ag údaráis inniúla na Fraince a allmhairíonn iad, nó gur thar a gceann a allmhairítear iad, ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe na hearraí a úsáid in Mayotte (an Fhrainc).

2. Ligfear na hearraí isteach saor ó dhleachtanna ar allmhairí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo i gcás ina ndéantar iad a allmhairiú le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina bhfuil sé beartaithe ag gníomhaireachtaí fóirithinte tubaistí iad a úsáid chun freastal ar riachtanais na ngníomhaireachtaí sin.

*Airteagal 2*

Faoin 31 Deireadh Fómhair 2025, cuirfidh an Fhrainc an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún:

(a) i bhfoirm chomhdhlúite, maidir leis na hearraí arna ligean isteach saor ó dhleachtanna ar allmhairí de bhun Airteagal 1:

(i) uimhir an dearbhaithe custaim;

(ii) dáta glactha an dearbhaithe custaim;

(iii) cód Ainmníochta Comhcheangailte;

(iv) cód Tharaif Chomhtháite an Chomhphobail Eorpaigh (TARIC);

(v) glanmhais;

(vi) aonad forlíontach, más infheidhme;

(vii) luach na n-earraí;

(viii) ráta dleachta;

(ix) méid na ndleachtanna neamhbhailithe;

(x) tionscnamh na n-earraí;

(xi) teidil na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (c);

(b) liosta eagraíochtaí Stáit formheasta i gceannas ar earraí, a thairbhíonn den fhaoiseamh ó dhleachtanna, a dháileadh agus a chur ar fáil d'íospartaigh an chioclóin;

(c) na bearta arna ndéanamh chun comhlíonadh Airteagail 78, 79 agus 80 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a áirithiú;

(d) na bearta bainistíochta riosca agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta um rialú custaim arna ndéanamh ag an bhFrainc de bhun Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, maidir leis na hearraí a ligtear isteach saor ó dhleachtanna ar allmhairí de bhun Airteagal 1 den Chinneadh seo.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 16 Nollaig 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN